

## Ceacht Líníochta le Ranganna 1 go dtí 2 'Tithe agus Teaghlaigh' Gemma Mc Girr

<b><u>Snáth Curaclaim:</u></b>	Cré (Curaclam Amharcealaíona lch. 30)
<b><u>Cuspóir:</u></b>	<i>Déan líníochtaí bunaithe ar an saol samhlaíoch pearsanta agus le tuiscint níos mó ar ghaolmhaireachtaí spásúla (lch. 30)</i>
<b><u>Nasc:</u></b>	<b>Péint agus Dath</b> > Déan péintéireachtaí bunaithe ar mhothúcháin agus ar thaithí ón gcúimhne, ag fiosrú éifeacht spásúil dath agus tuineacha, ag baint úsáide as forluí, le haird áirithe ar scála (lch. 50) <b>Cré</b> > Obair airgtheach a dhéanamh le ciúbanna nó le dronuilleoga cré agus sonraí a chuireann struchtúr soladach in iúl a chur leo (lch. 36)
<b><u>Féidearthachtaí Imeasctha:</u></b>	<b>SPHE:</b> <i>Na daoine a chónaíonn sa bhaile a ainmiú agus labhairt fúthu agus a aithint gur féidir le tithe agus teaghlaigh a bheith éagsúil (lch. 31)</i> <b>Tíreolaíocht:</b> <i>Forbair an fheasacht agus an léirthuisicint faoi na cineálacha difriúla tithe atá sa chomharsanacht agus i gceantair eile (lch. 38)</i> <b>Teanga labhartha:</b> <i>A bheith níos soiléire maidir le daoine, áiteanna, amanna, próisis agus imeachtaí trí shonraí mionléirithe a chur lena bhfuil á thuairisciú agus á insint (lch. 29).</i> <b>Stair:</b> <i>Déan gnéithe de shaol daoine a fhiosrú agus a thaifead nuair a bhí seanmháthair an dalta óg (lch. 28)</i> <b>Gaeilge:</b> <i>Focail cháilitheacha a úsáid (p.43)</i> <b>Matamaitic:</b> <i>Aithin agus pléigh úsáid chruthanna 2-T sa timpeallacht (lch. 49)</i>

### **An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:**

***Ábhair Riachtanacha:*** Páipéar Líníochta  
Pinn Luaidhe (2B, 4B)  
Pinn luaidhe daite, criáin, pastail, marcóirí

***Spreagadh:*** “Ar thug tú cuairt ar do ghaolta riamh? An gcónaíonn siad in aice leat? An bhfuil a dtithe mar an gcéanna le do theach féin? An tithe baile nó tuaithe iad? Cad atá le feiceáil in aice lena dtithe? An bhfuil siad níos mó/níos lú? Cad iad na cruthanna is féidir leat a fheiceáil nuair a amharcann tú ar na tithe? An féidir leat siúl go dtí a dtithe? Déan cur síos ar theach gaol.”

***Gníomhaíocht:*** Nuair a bhíonn na cineálacha éagsúla tí pléite ag na leanaí, déanann siad líníocht agus cuireann siad isteach an oiread sonraí agus is cuimhin leo. Spreag na leanaí chun cainte faoina gcuid líníochtaí, tuairisc a thabhairt faoina bhfuil á gcur ina bpictiúr acu, le tagairtí neamhfhoirmiúla don tulra agus don chúlra. Lig do na leanaí a n-uirlisí datha féin a roghnú; d’fhéadfadh meascán as an liosta thuas a bheith ann. Nuair a bhíonn an líníocht críochnaithe, féadfaidh siad a n-ainm a shíniú mar a dhéanann ealaíontóir!

### ***Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:***

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Nuair atá siad réidh tabhair am dóibh chun a líníochtaí a phlé. D’fhéadfaí é seo a dhéanamh le ‘Cathaoir Ealaíontóra’, mar a dtaispeánann gach leanbh a líníocht ar a seal agus a thugann siad tuairisc fúthu. B’fhéidir gur mhaith leo ceisteanna a chur ar a chéile. Cuir líníochtaí na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó sa dorchla.

Spreag na leanaí chun freagairt do líníochtaí agus do phéintéireachtaí ar nós ‘Teach Magrot’, ‘An Teach Buí’ agus ‘Tithe ag Auvers’ le Van Gogh, ‘Teach agus Feirm ag Jas de Bouffan’ agus ‘Teach agus Crainn’ le Paul Cézanne.

**Féidearthachtaí TCF:** Úsáid an clár péinteála ar an ríomhaire, is féidir leis na leanaí a gcuid pictiúr a líniú, a phriontáil agus a cheangal le chéile chun ‘Leabhar Tithe agus Teaghlach’ a dhéanamh.

**Ag baint úsáide as an DVD**

**Is Ealaíontóir mé:** Tugann na cláir Líníocht ar an DVD deiseanna chun éisteacht le leanaí ag freagairt dá saothair féin i ‘gCathaoir an Ealaíontóra’.

**Nótaí Eile:** B’fhéidir gur mhaith leat na leanaí a thabhairt amach i gclós na scoile chun amharc ar chruthanna na dtithe sa chomharthanacht agus iad a phlé.

**Ealaíontóirí Ábhartha:** Vincent Van Gogh  
Paul Cezanne  
(Ealaíontóirí eile a bheadh ábhartha dar leat féin)

**Suíomhanna Idirlín Ábhartha:**

Péintéireachtaí le Paul Cézanne  
<http://www.ibiblio.org/wm/paint/auth/cezanne/land/>

*Teach Magrot le Van Gogh*  
<http://www.nga.gov/cgi-bin/pimage?73099+0+0>

Cnuasach de Phéintéireachtaí Van Gogh  
[http://www.bc.edu/bc\\_org/avp/cas/fnart/art/vangogh.html](http://www.bc.edu/bc_org/avp/cas/fnart/art/vangogh.html)